Bileog 2

# Gairm san Oideachas

**An raibh a fhios agat?** Tá gá mór le múinteoirí a bhfuil Gaeilge acu i ngach réimse den oideachas – sna luathbhlianta, sa bhunoideachas, san oideachas ag an dara agus tríú leibhéal. Tá gá mór freisin le múinteoirí ar féidir leo ábhair éagsúla (matamaitic, eolaíocht, teicneolaíocht agus eacnamaíocht bhaile, mar shampla) a mhúineadh trí Ghaeilge. Is iomaí post eile atá le fáil sa réimse seo. Mar shampla, cúntóir riachtanas speisialta oideachais, cigire scoile, síceolaí NEPS, COGG, Gaeloideachas.

**Seo samplaí de na cúrsaí atá ar fáil:**

### Luathbhlianta

| Cód | Cúrsa | Cáilíocht/ Leibhéal | Áit | QR Cód/ Fón |
|---|---|---|---|---|
| CM020 | Oideachas Luath-Óige | BSc | Institiúid Oideachais Marino | |
| MT571 MT971 | Cúram agus Oideachas Luath-Óige | BA | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Trá Lí | |
| | Cúram agus Oideachas Luath-Óige | Leibhéal 5 | Ionad Breisoideachais Ros Muc, Gaillimh | 091 574411 |
| | Cúram agus Oideachas Luath-Óige | Leibhéal 5 | Scoil Phobail Mhic Dara, Carna | 095 32245 |
| | Cúram agus Oideachas Luath-Óige | Leibhéal 6 | Muintearas, Tír an Fhia, Gaillimh | 091 551412 |

### Múinteoireacht bhunscoile

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| MI005/MI006 | Bunmhúinteoireacht | BOid | Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach | |
| MI008 | Oideachas agus Síceolaíocht | BOid | Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach | |
| CM001 CM002 (Gaeltacht | Oideachas - Bunmhúinteoireacht | BOid | Institiúid Oideachais Marino | |
| CM003 CM004 (Gaeltacht) | Oideachas trí mheán na Gaeilge | BOid | Institiúid Oideachais Marino | |
| CM010 | Léann an Oideachais | BSc | Institiúid Oideachais Marino | |
| DC002 DC003 (Gaeltacht) DC004 | Oideachas – Bunmhúinteoireacht | BOid | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) | |
| MH001 MH002 (Gaeltacht) | Oideachas – Bunmhúinteoireacht (Froebel) | BOid | Ollscoil Mhá Nuad | |
| | Oideachas Dátheangach | BOid | Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste | |
| Q5X3 (UCAS) | Gaeilge agus Oideachas | BA | Ollscoil Uladh | |
| | Oideachas (trí mheán na Gaeilge) | Teastas Iarchéime san Oideachas | Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste | |
| | Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí | Teastas Iarchéime | Ollscoil na Gaillimhe | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Máistir Gairmiúil san Oideachas | MGO | Institiúid Oideachais Marino | |
| | Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta | MOid | Coláiste na Tríonóide | |

**Múinteoireacht Iar-bhunscoile**

| Cód | Cúrsa | Cáilíocht | Institiúid/Ollscoil | Cód QR |
|---|---|---|---|---|
| MI011 | Oideachas, Gaeilge & Teagasc Creidimh | BA | Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach Campas Phádraig, Durlas | |
| MI012 | Oideachas, Gaeilge & Staidéar Gnó | BA | Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach Campas Phádraig, Durlas | |
| MI013 | Oideachas, Matamaitic & Gaeilge | BA | Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach Campas Phádraig, Durlas | |
| Q5X3 (UCAS) | Gaeilge agus Oideachas | BA | Ollscoil Uladh | |
| DN760 | Oideachas le Gaeilge agus Nuatheangacha | BOid | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) | |
| DC013 | Gaeilge agus Fraincis/ Gearmáinis/Spáinnis | BOid | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) | |
| LM091 | Oideachas le Teangacha | BOid | Ollscoil Luimnigh | |
| LM090 | Corpoideachas agus Gaeilge | BOid | Ollscoil Luimnigh | |
| CK124 | Oideachas (Gaeilge le Teanga/Matamaitic) | BOid | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| CK125 | Corpoideachas agus Gaeilge | BOid | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| AU987 | Oideachas, Eacnamaíocht Bhaile & Gaeilge | BOid | ATU Sligeach | |
| | Máistir Gairmiúil san Oideachas | MGO | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Oideachas Lán-Ghaeilge & Gaeltachta | MOid | Coláiste na Tríonóide | |
| | Teagasc Ábharbhunaithe – Iarbhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta | Teastas Iarchéime (TTA) | Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach | |
| | Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí | Teastas Iarchéime | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Oideachas (Nuatheangacha) | Teastas Iarchéime | Ollscoil na Banríona, Béal Feirste | |
| | Iar-Bhunoideachas Lán-Ghaeilge | Teastas Iarchéime san Oideachas | Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste/Ollscoil na Banríona/Ollscoil Uladh | |

# Gairm san Oideachas

Fógraítear folúntais i naíonraí agus i scoileanna ag na suímh idirlín seo a leanas: gaeloideachas.ie agus educationposts.ie

## Cúrsaí Breisoideachais, mar shampla:

- **Múinteoireacht (Cúrsa Réamhollscoile), Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne, An Mhí – Leibhéal 5**
- **Bonnchlár Dioplóma Rochtana na Ceathrún Rua (Access), Ollscoile na Gaillimhe – Leibhéal 6**
- **Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta, Ollscoil Mhá Nuad (ar líne) – Leibhéal 6**

**Scéim Tacaíochta Oiliúna don Réimse Luathbhlianta – Údarás na Gaeltachta:** Tá tacaíocht á cur ar fáil d'oibrithe cúraim leanaí sa réimse luathoideachais atá fostaithe sa Ghaeltacht le hardcháilíocht a bhaint amach sa réimse oibre seo. Cuirtear an maoiniú ar fáil do na struchtúir phobail agus do na seirbhísí seo chun cabhrú leo cumasú agus forbairt scileanna na foirne a chur chun cinn.

### Máistir Gairmiúil san Oideachas, Ollscoil na Gaillimhe



"Is iarchéim dhá bhliain é an Máistir Gairmiúil san Oideachas, ina mbaintear cáilíocht amach mar mhúinteoir iar-bhunscoile. An rud is speisialta faoin gcúrsa ná go ndéantar gach uile rud trí mheán na Gaeilge. Bíonn béim ar an nGaeloideachas agus déantar socrúchán scoile i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Anuas air sin, bíonn béim ar theicneolaíocht agus ar chruthú ábhar. Leis na ranganna beaga agus an t-atmaisféar comhoibritheach, cabhrach, mhothaigh mé i gcónaí go raibh tacaíocht ann dom leis an gcúrsa seo. Níl aon dabht faoi ach go bhfuil tóir ar mhúinteoirí a bhfuil sé de chumas acu múineadh trí mheán na Gaeilge agus, cé nár fhreastal mé féin ar an oideachas trí Ghaeilge, is cinnte gur thug an cúrsa seo muinín dom bheith ag obair san earnáil seo."

***– Eimear Ní Churtáin, Múinteoir Mata agus Gaeilge***



Físeán faoin MGO in Ollscoil na Gaillimhe:








Físeáin faoin B.Oid. Trí Mheán na Gaeilge in Instiitúid Oideachais Marino:

# Gairm san Oideachas

## Eagraíochtaí Oideachais, mar shampla:

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Gaeloideachas
- An Foras Pátrúnachta
- An Roinn Oideachais
- Institiúidí Tríú Leibhéal
- Boird Oideachais agus Oiliúna (ETB)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)
- Oide




**Rob Ó Sé: Múinteoir Bunscoile**

"Bhaineas mo chéim amach ó Choláiste Mhuire Gan Smál, agus táim ag múineadh i nGaelscoil Charraig Uí Leighin le ceithre bliana anois. Is breá liom é – scoil iontach is ea í. An rud is fearr liom faoin múinteoireacht ná an dea-chaidreamh a bhíonn agat leis na páistí, le múinteoirí eile agus le pobal na scoile go léir. Tá sé go hiontach a bheith ábalta cabhrú leis na páistí óga, ó na Naíonáin suas go dtí Rang a Sé. Tá sé go hiontach an dul chun cinn a fheiscint iontu i gcaitheamh na bliana. Chomh maith leis sin, is breá liom a bheith ag múineadh trínár dteanga dhúchais féin. Sin an rud is tábhachtaí domsa, mar dhuine atá líofa sa Ghaelainn."

**Colm Ó Coileáin: Múinteoir Eolaíochta agus Fisice/Ceimice Pobalscoil Chorca Dhuibhne. Múinteoir Ceimice don Ríomh-Mhol**



"Is breá liom a bheith ag múineadh na hEolaíochta agus na Fisice trí Ghaeilge i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Tá Gaeilge líofa agam, agus táim paiseanta faoin Eolaíocht, mar sin déanann sé an-chiall dom a bheith ag múineadh na hEolaíochta trí Ghaeilge. Tá i bhfad níos mó deiseanna oibre ann do mhúinteoirí Eolaíochta má bhíonn ar a gcumas múineadh trí Ghaeilge. Tá sé go hiontach a bheith ag spreagadh na ndaoine óga ó thaobh na heolaíochta de agus tá an-éagsúlacht ag baint leis an obair – ní hionann aon dá rang riamh!

An rud is fearr liom faoina bheith ag múineadh na Fisice ná an smaointeoireacht chriticiúil a chothaíonn an t-ábhar seo sna scoláirí, agus ar shlí tacaíonn an teagasc trí Ghaeilge leis an smaointeoireacht seo – tá téarmaíocht na hEolaíochta crua in aon teanga, ach is minic go míníonn an téarma as Gaeilge an smaoineamh níos fearr ná mar a mhíníonn an téarma Béarla.

Tá deis iontach agam chomh maith a bheith ag múineadh na Ceimice don Ríomh-Mhol – scoláirí Ceimice atá scaipthe ar fud na Gaeltachta – i nGaoth Dobhair agus i gConamara. Cé go bhfuil dúshláin áirithe ag baint le bheith ag múineadh ar líne, tugann an Ríomh-Mhol deis iontach do scoláirí na hábhair seo a dhéanamh trí Ghaeilge nuair nach bhfuil siad ar fáil ina gcuid scoileanna féin.

Mholfainn an ghairm seo go láidir d'éinne a bhfuil suim san eolaíocht agus sa Ghaeilge acu. Is aoibhinn beatha an mhúinteora! "

**Físeán faoi ghairm sa mhúinteoireacht (Gaeloideachas):**

**Leabhrán Úrnua Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):**

**www.saoloibre.ie**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2024**